

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

13 Lúnasa 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### II Gníomhartha neamhreachtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1348 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na critéir faoina bhféadfaidh údarás inniúla a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta maidir le tagarmharcanna neamhshuntasacha<sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1349 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonrófar na critéir maidir le measúnú comhlíontachta na n-údarás inniúil maidir leis an riarchán sainordaitheach ar thagarmharc criticiúil<sup>(1)</sup> ..... 4
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1350 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais a bhaineann lena áirithíú go mbeidh scruthiú rialachais riarthóra sách láidir<sup>(1)</sup> ..... 9
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1351 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonrófar saintréithe na gcóras agus na rialuithe chun aon iompar, a bhféadfaidh cúbláil ar thagarmharc nó iarracht ar chúbláil ar thagarmharc a bheith ag baint leis, a shainaithint agus a thuairisciú<sup>(1)</sup> ..... 13
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1352 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais a bhaineann lena áirithíú go mbeidh an mhodheolaíocht lena gcinntear tagarmharc i gcomhréir leis na ceanglais chállochta<sup>(1)</sup> ..... 16
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cásanna agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh údarás inniúla saotharlanna oifigiúla a ainmniú nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir leis na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile<sup>(1)</sup> ..... 20

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

\* Faoin tagairt L 291 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1354 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2021 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 30 Meitheamh 2021 go dtí an 29 Meán Fómhair 2021 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú<sup>(1)</sup> ..... 24
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1355 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2021 maidir le cláir rialaithe náisiúnta ilbhliantúla i ndáil le hiarmhair lotnaidicídí atá le leagan síos ag na Ballstáit<sup>(1)</sup> ... 120

---

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1348 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2021

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir faoina bhféadfaidh údaráis inniúla a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta maidir le tagarmharcanna neamhshuntasacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (¹), agus go háirithe Airteagal 26(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leis na critéir faoina bhféadfaidh údaráis inniúla a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 26(3) den Rialachán sin, ba cheart cineál fhorálacha Rialachán (AE) 2016/1011 a chur san áireamh, ar forálacha iad a bhféadfaidh riarthóirí tagarmharcanna neamhshuntasacha, i gcomhréir le hAirteagal 26(1) den Rialachán sin, a roghnú gan a chur i bhfeidhm. Ós rud é go mbaineann roinnt de na ceanglais a leagtar amach sna forálacha sin le struchtúr eagraíochtaí an riarthóra, agus cé go mbaineann cinn eile leis an tagarmharc nó leis an bhfine tagarmharcanna lena mbaineann, tá feidhm ag an idirdhealú céanna maidir leis na critéir faoina bhféadfaidh údaráis inniúla a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta.
- (2) I ndáil le ceanglais a bhaineann le struchtúr eagraíochtaí an riarthóra, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta maidir le tagarmharc neamhshuntasach i gcás ina measann siad go bhfuil an ráiteas comhlíontachta doiléir maidir leis an bhfáth ar cheart cead a bheith ag an riarthóir lena mbaineann gan na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4, 5 agus 6 de Rialachán (AE) 2016/1011 a chomhlíonadh. Ba cheart an meid sin a bheith amhlaidh go hairithe i gcás ina bhfuil easpa soiléireachta ann maidir le struchtúr eagraíochtaí an riarthóra lena mbaineann, le sainaithint coinbhleachtaí leasa féideartha a fhéadfaidh eascairt idir na daoine a bhfuil baint acu le soláthar an tagarmhairc agus na fostaithe eile nó codanna d'eagraíochtaí an riarthóra, le próiseas formhaoirseachta sholáthar an tagarmhairc neamhshuntasaigh, nó leis an gcreat rialaithe chun an tagarmharc neamhshuntasach a sholáthar nó a fhoilsíú nó chun é a chur ar fáil.
- (3) I ndáil le ceanglais a bhaineann leis an tagarmharc nó leis an bhfine tagarmharcanna, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta maidir le tagarmharc neamhshuntasach i gcás ina measann siad go bhfuil an ráiteas comhlíontachta doiléir maidir leis an bhfáth ar cheart cead a bheith ag an riarthóir lena mbaineann gan na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11 agus in Airteagail 13 go 16 de Rialachán (AE) 2016/1011 a chomhlíonadh. Ba cheart an méid sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina bhfuil easpa soiléireachta ann maidir leis an leibhéal rialaithe ar sholáthar na sonráí ionchuir, le tréadhearcacht na nósanna imeachta chun comhairliúchán a dhéanamh ar aon athrú ábhartha ar mhodheolaíocht an tagarmhairc neamhshuntasaigh, leis an

¹) IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.

bpróiseas a bhaineann le cásanna cúblála nó iarrachtaí ar chúbláil ar an tagarmharc neamhshuntasach a thuairisciú, leis an gcód iompair i gcás ina bhfuil an tagarmharc neamhshuntasach bunaithe ar shonraí ionchuir ó rannchuiditheoirí, le hinniúlacht an riarthóra athbhreithniú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar a chomhlíontacht le modheolaíocht an tagarmhairc neamhshuntasaigh agus le Rialachán (AE) 2016/1011, agus, i gcás ina ndéanann rannchuiditheoir faoi mhaoirseacht sonraí ionchuir a rannchuidiú, cibé acu an ndéantar sin le rialuithe iomchuí chun cruinneas, sláine agus iontaofacht na sonraí ionchuir a áirithiú.

- (4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeán theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.
- (5) Reáchtáil ESMA comhairliúchán phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeán theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (7).
- (6) Chun comhsheasmhacht le dáta chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (7) a áirithiú, rud a thugtar isteach i Rialachán (AE) 2016/1011 Airteagal 26(6) leis an Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### Critéir ar leibhéal an riarthóra

Féadfaidh údaráis inniuila a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2016/1011 i gcás ina measann siad go bhfuil an ráiteas sin doiléir maidir leis an bhfáth ar cheart céad a bheith ag an riarthóir lena mbaineann gan ceann amháin nó níos mó de na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/1011 a chomhlíonadh, agus go háirthe i gcás ina bhfuil easpa soiléireachta ann maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) struchtúr eagraíochtaí an riarthóra lena mbaineann agus na coinbhleachtaí leasa a fhéadfaidh eascairt de thoradh a struchtúir;
- (b) sainaithint agus bainistíocht coinbhleachtaí leasa i ndáil le fostaithe an riarthóra lena mbaineann, leis na daoine a bhfuil a seirbhísí curtha ar fáil dó nó faoina rialú agus leis na daoine a bhfuil baint dhíreach acu le soláthar an tagarmhairc neamhshuntasaigh;
- (c) próiseas formhaoirseachta sholáthar an tagarmhairc neamhshuntasaigh, agus leocheileacht an tagarmhairc lena mbaineann agus scála eagraíochta an riarthóra á gcur san áireamh;
- (d) ancreat rialaithe chun an tagarmharc neamhshuntasach a sholáthar nó a fhoiliú nó a chur ar fáil, lena n-áirítear neamhchosaint an riarthóra ar riosca oibríochtaí, ar riosca leanúnachais gnó nó ar an riosca a bhaineann le cur isteach ar phróiseas sholáthar an tagarmhairc.

(7) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(8) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margáin ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistiochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

## Airteagal 2

### Critéir ar leibhéal an tagarmhairc nó na fine tagarmharcanna

Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal go ndéanfar athruithe ar an ráiteas comhlíontachta dá dtagraítear in Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2016/1011 i gcás ina measann siad go bhfuil an ráiteas sin doiléir maidir leis an bhfáth nár cheart don riarthóir lena mbaineann ceann amháin ná níos mó de na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/1011 a chomhlíonadh, agus go háirithe i gcás ina bhfuil easpa soiléireachta ann maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) an leibhéal rialaithe ar sholáthar na sonraí ionchuir agus cibé acu, agus cineál na sonraí ionchuir á chur san áireamh, an leor an leibhéal rialaithe sin chun cruinneas, sláine agus iontaofacht na sonraí ionchuir a áirithiú;
- (b) trédhearcacht na nósanna imeachta maidir le comhairliúchán a dhéanamh ar aon athrú ábhartha ar mhodheolaíocht an tagarmhairc neamhshuntasaigh, agus castacht na modheolaíochta sin agus cineál na sonraí ionchuir arna n-úsáid á gcur san áireamh;
- (c) an próiseas maidir le cásanna cúblála nó iarrachtaí cúblála ar an tagarmharc neamhshuntasach a thuairisciú, go háirithe i ndáil le faireachán a dhéanamh ar shonraí ionchuir agus rannchuiditheoirí;
- (d) i gcás ina bhfuil an tagarmharc neamhshuntasach bunaithe ar shonraí ionchuir ó rannchuiditheoirí, an cód iompair agus cibé acu, agus cineál na sonraí ionchuir á chur san áireamh, an áirítear coimircí ann le haghaidh shláine na sonraí ionchuir arna n-úsáid;
- (e) inniúlacht an riarthóra chun athbhreithniú a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar a chomhlíontachta le modheolaíocht an tagarmhairc neamhshuntasaigh agus le Rialachán (AE) 2016/1011;
- (f) i gcás ina ndéanann rannchuiditheoir faoi mhaoirseacht sonraí ionchuir a rannchuidiú, cibé acu an ndéantar sin le rialuithe iomchuí chun cruinneas, sláine agus iontaofacht na sonraí ionchuir a áirithiú.

## Airteagal 3

### Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé insfeidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséis, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1349 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2021

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonrófar na critéir maidir le measúnú comhlíontachta na n-údarás inniúil maidir leis an riachán sainordaitheach ar thagarmharc criticiúil**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (¹), agus go háirithe Airteagal 21(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Baineann measúnú na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/1011 le conas is ceart tagarmharc criticiúil a thrasdul chuig riarthóir nua nó conas is ceart scor den tagarmharc sin a sholáthar. Dá bhrí sin, is iomchúi sonrú a dhéanamh ar dhá shraith critéar a bheidh le meas ag na húdarás inniúla, de réir an chás a bheidh á mheasúnú acu.
- (2) I gcás ina mbeidh tagarmharc criticiúil le trasdul chuig riarthóir nua, ba cheart don riarthóir nua a bheith in ann leanúnachas maidir le soláthar an tagarmhairc chriticiúil a áirithíú ar bhealach ina bhféadfaidh eintitis faoi mhaoirseacht leanúint d'úsáid a bhaint as gan bhriseadh agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011. Dá bhrí sin, is gá sonrú a dhéanamh ar na critéir ar cheart d'údarás inniúil iad a chur san áireamh le linn measúnú a dhéanamh ar cibé acu an féidir leis an riarthóir nua an leanúnachas sin a áirithíú.
- (3) Ba cheart an mhaoirseacht a dhéantar ar thagarmharc criticiúil a áirithíú ar feadh thrasdul an tagarmhairc sin chuig riarthóir nua. Is airde an riosca a bhaineann le neamhleanúnachas sa mhaoirseacht a dhéantar ar an tagarmharc sin i gcás ina bhfuil an riarthóir nua lonnaithe i mBallstát atá éagsúil le Ballstát an údarás inniúil ag a mbeidh an measúnú á dhéanamh ar conas is ceart an tagarmharc criticiúil a thrasdul chuig an riarthóir nua sin. Ba cheart do na húdarás inniúla lena mbaineann dul i gcomhar chun a áirithíú go bhfaighidh an t-údarás inniúil ag a bhfuil an measúnú á dhéanamh an fhaisnéis uile is gá chun a chinneadh an ndéanfar an leanúnachas sa mhaoirseacht ar an tagarmharc a áirithíú ar feadh an trasdula sin, lena n-áirítear analís atá thíos ar shuíomh an riarthóra nua agus ar a stádas údaraithe.
- (4) Agus measúnú á dhéanamh ar conas is ceart tagarmharc criticiúil a thrasdul chuig riarthóir nua, ba cheart d'údarás inniúil analís a dhéanamh, ó thaobh oibriochtaí de, ar conas a dhéanfar soláthar an tagarmhairc chriticiúil a aistriú ón riarthóir reatha chuig an riarthóir nua. Ba cheart don údarás inniúil lena mbaineann nithe ar leith a chur san áireamh, is iad sin foilseachán an tagarmhairc gan bhriseadh, infhaighteacht sonrai ionchuir, an mhodheolaíocht maidir le ríomh an tagarmhairc agus aon rannpháirtíocht is gá le haon rannchuiditheoir, úsáideoir agus geallsealbhóir eile.
- (5) Maidir le húdarás inniúil a dhéanann measúnú ar conas is ceart scor de thagarmharc criticiúil a sholáthar, ba cheart dó a bheith deimhin de gur féidir scor den tagarmharc a sholáthar ar bhealach rianúil, ag féachaint, *inter alia*, don nós imeachta um scor den tagarmharc arna bhunú ag a riarthóir i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2016/1011. Dá bhrí sin, is gá sonrú a dhéanamh ar na critéir ar cheart d'údarás inniúil iad a chur san áireamh chun a chinneadh an mar sin atá.

¹) IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.

- (6) Maidir le húdarás inniúil a dhéanann measúnú ar conas is ceart scor de thagarmharc criticiúil a sholáthar, ba cheart dó na pleananna i scribhinn maidir le scor den tagarmharc dá dtagraítear in Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2016/1011 a chur san áireamh freisin. Is féidir nach mbeidh na pleananna i scribhinn sin de chuid úsáideoirí éagsúla tagarmhairc chriticiúil ailínithe i gcónaí agus is féidir nach mbeidh siad comhsheasmhach má chuirtear i bhfeidhm an tráth céanna iad. Dá bhrí sin, is den tábhacht go gcuirfidh na húdarás inniúla san áireamh a mhéid atá na pleananna i scribhinn sin comhoiriúnach i dtaca le húsáideoirí éagsúla an tagarmhairc, lena n-áirítear i leith na n-eachtraí tucaide maidir le scor den tagarmharc a bheartaítear leis na pleananna sin i scribhinn, agus conas is féidir na pleananna i scribhinn sin a úsáid chun go n-áiritheofar go scoifear den tagarmharc criticiúil ar bhealach rianúil.
- (7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ÚEUM) faoi bhráid an Choimisiúin.
- (8) Reáchtail ÚEUM comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé analís ar na costais agus na tairbhí féideartha agus d'íarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margáí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹).
- (9) Chun comhsheasmhacht le dáta chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (²) a áirithíú, rud a thug isteach i Rialachán (AE) 2016/1011 Airteagal 21(5) den Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## Airteagal 1

### Critéir chun measúnú a dhéanamh ar an trasdul chuig riarthóir nua

Agus measúnú á dhéanamh ag na húdarás inniúla ar conas is ceart tagarmharc criticiúil a thrasdul chuig riarthóir nua, curfidh siad na critéir uile seo a leanas san áireamh:

- (a) cibé acu an bhfuil an riarthóir nua a mholtar sa mheasúnú arna chur isteach ag an riarthóir reatha de bhun Airteagal 21(1), pointe (b)(i), de Rialachán (AE) 2016/1011:
- (i) lonnaithe sa Bhallstát céanna leis an riarthóir reatha, nó i mBallstát éagsúil, agus sa chás sin rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhar, i gcás inar gá, le húdarás inniúil Bhallstát an riarthóra nua chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an áiritheofar an mhaoirseacht ar an tagarmharc criticiúil ar feadh an trasdula chuig an riarthóir nua;
  - (ii) ina eintiteas faoi mhaoirseacht agus, má tá, cé na gníomhaíochtaí a bhfuil maoirseacht á déanamh air lena n-aghaidh, agus cibé acu an ann d'aon choinbhleacht leasa iarbhir nó fhéideartha le gníomhaíochtaí reatha an eintitis sin;
  - (iii) ina úsáideoir de chuid an tagarmhairc agus, má tá, cibé acu an bhfuil na coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh eascairt maolaithe go leordhóthanach;
  - (iv) údaraithe cheana mar riarthóir tagarmhairc faoi Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/1011;

(¹) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(²) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí); Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistiochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

- (v) ina sholáthraí tagarmharcanna cheana, agus má tá, cibé acu an bhfuil na tagarmharcanna sin ina dtagarmharcanna criticiúla, suntasacha, neamhshuntasacha, tráchttearraí nó ráta úis.
- (b) cibé acu ar chuir riarthóir reatha an tagarmhairc criticiúl aon rannchuiditheoir, úsáideoir agus geallsealbhóir eile ar an elolas nó cibé acu ar reáchtáil sé comhairliúcháin phoiblí faoi thrasdul indéanta an tagarmhairc criticiúl chuig an riarthóir nua;
- (c) an bealach a mbeartaíonn an riarthóir nua an tagarmharc criticiúl a ríomh agus cibé acu an mbeartaíonn an riarthóir sin aon cheann de na heilimintí seo a leanas a bhaineann leis an tagarmharc criticiúl a leasú agus, má bheartaíonn, conas a áiritheoidh an riarthóir go gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2016/1011 leis na heilimintí sin:
- (i) an mhodheolaíocht, lena n-áirítear cáiliúchán na sonraí ionchuir, agus a athbhreithniú;
  - (ii) an beartas teaghmhaíos maidir le ríomh an tagarmhairc;
  - (iii) na nósanna imeachta chun déileáil le hearráidí i sonraí ionchuir nó in athchinnéadh an tagarmhairc;
  - (iv) an cód iompair;
- (d) cibé acu an mbeidh rochtain ag an riarthóir nua ar na sonraí ionchuir céanna leis an riarthóir reatha, lena n-áirítear sonraí ionchuir stairiúla arna sealbhú ag an riarthóir reatha
- (e) cibé acu an ndearnadh tástáil leordhóthanach ar bhonneagar TF an riarthóra nua chun an tagarmharc criticiúl a sholáthar;
- (f) i gcás ina bhfuil an tagarmharc criticiúl bunaithe ar shonraí ionchuir arna rannchuidiú ag painéal rannchuiditheoirí, conas a bheartaíonn an riarthóir nua na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2016/1011 a chomhlíonadh, agus cibé acu an leanfaidh na rannchuiditheoirí reatha de bheith mar chuid den phainéal tar éis thrasdul an tagarmhairc chuig an riarthóir nua;
- (g) an bealach a mbeartaíonn an riarthóir nua an tagarmharc criticiúl a fhoilsíú, lena n-áirítear na gnáthshocruithe foilseacháin laethúla, minicíocht a fhoilseacháin, seoladh an tsuímh gréasáin agus cibé acu an mbeidh an tagarmharc criticiúl inrochtana tar éis tálle a íoc nó saor in aisce;
- (h) cibé acu an ann do phlean mionsonraithe le haghaidh an dáta trasdula, agus más ann, cibé acu an ndéileáiltear leis na saincheisteanna indéanta uile leis an bplean sin, lena n-áirítear saincheisteanna conarthacha, a easraíonn as trasdul an tagarmhairc criticiúl chuig riarthóir nua;
- (i) rioscaí dlí a bhaineann leis an trasdul, lena n-áirítear an riosca a bhaineann le diríathú conartha;
  - (j) na himpleachtaí cuntasaíochta agus cánach a bhaineann leis an tagarmharc criticiúl atá á sholáthar ag riarthóir nua;
  - (k) tionchar an trasdula ar bhonneagar an mhargaidh airgeadais, lena n-áirítear tithe imréitigh.

## Airteagal 2

### Critéir maidir le measúnú a dhéanamh ar scor de thagarmharc criticiúl a sholáthar

- Agus measúnú á dhéanamh ag na húdaráis inniuála ar conas is ceart scor de thagarmharc criticiúl a sholáthar, cuirfidh siad na critéir uile seo a leanas san áireamh:
  - éifeachtacht an nós imeachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2016/1011, agus go háirithe:
    - cibé acu an sainítear go beacht leis an nós imeachta sin na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an riarthóir chun scor den tagarmharc criticiúl a sholáthar ar bhealach rianúil;
    - cibé acu, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, an leor na gníomhaíochtaí sin chun a áirithí go scoirfear den tagarmharc criticiúl a sholáthar ar bhealach rianúil, ag féachaint freisin do na critéir dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo;
    - an uair a cuireadh an nós imeachta sin ar fáil agus an uair a tugadh cothrom le dáta don uair dheireanach é.

(b) na pleannanna i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2016/1011 agus go háirithe:

- (i) cibé acu an ainmnítar leis na pleannanna sin i scríbhinn tagarmharcanna malartacha oiriúnacha ar féidir tagairt dóibh le teacht in ionad an tagarmhairc chriticiúil agus, má dhéantar amhlaidh, cibé acu an ainmnítar leis na pleannanna sin i scríbhinn na tagarmharcanna céanna nó tagarmharcanna malartacha éagsúla;
- (ii) i gcás ina n-ainmnítar leis na pleannanna sin i scríbhinn an tagarmharc malartach céanna, cibé acu ar glacadh an tagarmharc sin in aicmí sócmhainní éagsúla;
- (iii) cibé acu an bhfuil na heachtraí tucaide maidir le scor de thagarmharc criticiúil a sholáthar a áirítear sna pleannanna i scríbhinn mar an gcéanna i measc na bpleannanna arna gcur ar fáil ag na heintitis faoi mhaoirseacht a úsáideann an tagarmharc criticiúil sin, i gcás inar féidir measúnú a dhéanamh air sin.

(c) cibé acu an bhfuil riarthóirí na dtagarmharcanna malartacha dá dtagraítear i bpointe (b)(i) den mhír seo údaraithe;

(d) i gcás inar féidir, cibé acu an mbeadh drochthionchar ag scor de sholáthar an tagarmhairc chriticiúil ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar nó ar mhaoiniú teaghlaigh agus gnólachtaí<sup>(4)</sup>;

(e) cibé acu an dtiocfadh eachtra *force majeure* as scor de sholáthar an tagarmhairc chriticiúil;

(f) dinimic an mhargaidh nó an fhíorcháis eacnamaíoch a bheartaítear a thomhas leis an tagarmharc criticiúil agus cibé acu an ann do shonraí ionchuir lena mbaineann cáilíocht agus cainníocht atá sách ard chun an bunmhargadh nó an fíorchás eacnamaíoch sin a léiriú go beacht;

(g) cibé acu ar chuir an riarthóir aon rannchuiditheoir leis an tagarmharc criticiúil, aon úsáideoir de chuid an tagarmhairc sin agus aon gheallsealbhóir eile ar an eolas nó cibé acu ar reáchtáil sé comhairliúcháin phoiblí faoi bheith ag scor, b'fhéidir, de sholáthar an tagarmharc criticiúil;

(h) aon riosca dlí a bhaineann le scor den tagarmharc criticiúil a sholáthar;

(i) na himpleachtaí cuntasaíochta agus cánach a bhaineann le scor den tagarmharc criticiúil a sholáthar;

(j) an tionchar a bhaineann le scor den tagarmharc criticiúil a sholáthar, agus sin ar bhonneagar an mhargaidh, lena n-áirítear tithe imréitigh.

Chun críocha phointe (c), i gcás nach bhfuil riarthóirí na dtagarmharcanna malartacha dá dtagraítear i bpointe (b)(i) den mhír seo údaraithe, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar choinníollacha a n-údaraithe faoi Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/1011 agus déanfaidh sé measúnú ar cibé acu an gá tréimhse riaracháin shainordaithigh ar an tagarmharc criticiúil chun go bhféadfar riarthóirí na dtagarmharcanna malartacha sin a údarú.

2. I dteannta na gcritéar dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), féadfaidh údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil an nós imeachta arna bhunú ag an riarthóir i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2016/1011 iomchuí ag féachaint do na heilimintí seo a leanas a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais, leis na conarthaí airgeadais nó leis na cistí infheistíochta lena ndéantar tagairt don tagarmharc criticiúil:

- (a) a méid agus a luach;
- (b) téarma, fad, aibíocht nó dáta éaga na n-ionstraimí airgeadais, na gconarthaí airgeadais agus aon doiciméid eile a dhéantar chun feidhmíocht ciste infheistíochta a thomhas trí innéacs nó trí theaglaim innéacsanna chun críche tuairisceán innéacs den sórt sin nó tuairisceán teaglama innéacsanna den sórt sin a rianú, leithdháileadh sócmhainní maidir le punann a shainiú, nó na táillí feidhmíochta a ríomh.
- (c) cibé acu an leanfar den tagarmharc criticiúil a sholáthar lena úsáid le linn idirthréimhse nó tréimhse faoi leachtú nádúrtha;

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/64 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonrú a dhéanamh ar conas a bheidh critéir Airteagal 20(1)(c)(iii) le cur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an dtiocfadh drochthionchair shuntasacha as eachtraí áirithe, agus sin ar shláine an mhargaidh, ar chobhsaíocht airgeadais, ar thomhaltóirí, ar an bhfíorgheilleagar nó ar mhaoiniú teaghlaigh agus gnólachtaí i mballstát amháin nó níos mó (IO L 12, 17.1.2018, lch. 5).

- (d) cibé acu an ndéantar foráil leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le cibé athruithe ar an tagarmharc criticiúil is gá chun a áirithiú go leanfaidh an tagarmharc criticiúil de bheith iontaofa agus ionadaíoch ar an mbunmhargadh nó ar an bhfiorchás eacnamaíoch a bheartaítear a thomhas leis ar feadh na tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír 2(c) den Airteagal seo;
- (e) an dochúlacht go ndéanfaí aon ionstraim airgeadais, conradh airgeadais nó doiciméad eile den sórt sin a dhéantar chun feidhmíocht ciste infheistíochta a thomhas trí innéacs nó trí theaglaim innéacsanna chun críche tuairisceán innéacs den sórt sin nó tuairisceán teaglama innéacsanna den sórt sin a rianú, leithdháileadh sócmhainní maidir le punann a shainiú, nó na táillí feidhmíochta a ríomh, an ndóchúlacht go ndéanfaí an méid sin a dhírathú nó go sárófaí a théarmaí i gcás ina scoirfear den tagarmharc criticiúil a sholáthar.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hionlán agus beidh sé insfeidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1350 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2021

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais a bhaineann lena áirithíú go mbeidh socruthe rialachais riarthóra sách láidir**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (¹), agus go háirithe Airteagal 4(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun a bheith láidir, le socruthe rialachais riarthóirí tagarmharcanna ba cheart foráil a dhéanamh maidir le struchtúr eagraíochtúil lena sonraítear, ar bhealach soiléir agus doiciméadaithe, nósanna imeachta um chinnteoireacht bainistíochta, línte tuairiscithe inmhéanacha agus leithdháileadh fheidhmeanna agus fhreagrachtaí na ndaoine ag a bhfuil baint le soláthar tagarmhairc.
- (2) Le socruthe rialachais láidre ba cheart a bheith in ann coinbhleachtaí leasa féideartha a shainaithint agus a bhainistiú, ar coinbhleachtaí iad a fhéadfaidh eascairt laistigh de struchtúr eagraíochtúil riarthóirí tagarmharcanna. Dá bhrí sin, le socruthe rialachais riarthóirí tagarmharcanna ba cheart go háirithe struchtúr an chomhlachta bainistíochta agus a ról agus a fhreagrachtaí a shonrú.
- (3) Le himthoisc a bhféadfaidh coinbhleacht leasa eascairt aisti ní dhéantar duine, ag a bhfuil baint leis an gcoinbhleacht leasa sin, a eisiamh go huathoibríoch ó bheith bainteach le soláthar tagarmhairc. Mar sin féin, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna na himthosca uile a shainaithint, ar imthosca iad a bhféadfaidh coinbhleacht leasa fhéideartha nó iarbhir eascairt astu, measúnú a dhéanamh orthu agus cinneadh a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar bhearta maolaitheacha.
- (4) Ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna atá mar chuid de ghrúpa measúnú iomchuí a dhéanamh ar aon impleacht a bhaineann le struchtúr an ghrúpa le haghaidh a socruthe rialachais féin. Leis an measúnú sin ba cheart a mheas cibé acu an bhféadfar dochar a dhéanamh, leis na coinbhleachtaí leasa a thagann chun cinn, dá gcumas a n-oibleagáidí rialála a chomhlónadh. Ina theannta sin, leis an measúnú sin ba cheart measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí dochar a dhéanamh do neamhspleáchas na riarthóirí le struchtúr an ghrúpa nó de dheasca go bhfuil comhalta de chomhlacht bainistíochta na riarthóirí ina chomhalta freisin den bhord de chuid eintitis eile den ghrúpa céanna. Ba cheart do na riarthóirí tagarmharcanna sin nósanna imeachta sonracha a ghlagadh chun coinbhleachtaí leasa, a fhéadfaidh eascairt as an struchtúr grúpa sin, a chosc agus a bhainistiú.
- (5) Ba cheart do riarthóirí a oibríonn mar chuid de ghrúpa a bheith in ann sineirgí a lorg ar leibhéal grúpa. Mar sin féin, le feidhmeanna a sheachfhoinsítear laistigh de ghrúpa ba cheart Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1011, agus na forálacha ábhartha uile eile den Rialachán sin, a chomhlónadh.
- (6) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níor cheart do riarthóirí tagarmharcanna neamhshuntasacha a bheith faoi réir ualach riachán iomarcach. Maidir lena dtagarmharcanna neamhshuntasacha, ba cheart do na riarthóirí sin a bheith in ann, dá bhrí sin, diúltú do cheanglais áirithe maidir lena struchtúr eagraíochtúil. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil údar leis i bhfianaise chineál, scála agus chastacht a ghníomhaíochtaí, na dóchúlachta go n-eascródh coinbhleacht leasa idir soláthar an tagarmhairc agus aon ghníomhaíocht eile de chuid an riarthóra, agus an leibhéal discréide a bhaineann le próiseas sholáthar an tagarmhairc, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna áirithe a bheith in ann diúltú don cheanglas a bhaineann leis an nós imeachta um cheapadh an chomhlachta bainistíochta a shonrú ina socruthe rialachais.

¹ IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.

- (7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrús agus Margaí (ÚEUM) faoi bhráid an Choimisiúin.
- (8) Reáchtáil ÚEUM comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrús agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAireagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁹).
- (9) Chun comhsheasmhacht le dáta chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁹) a áirithíú, rud a thug isteach i Rialachán (AE) 2016/1011 Airteagal 4(9) den Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo on 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### **Nósanna imeachta cinnleoireachta, leithdháileadh feidhmeanna agus freagrachtaí agus línte tuairiscithe inmheánacha**

1. Maidir le socruthe rialachais riarthóirí tagarmharcanna formheasfaidh an comhlacht bainistíochta iad, más ann, agus sonrófar leo, ar bhealach soiléir agus dea-dhoiciméadaithe, na nithe uile seo a leanas:

- (a) na nósanna imeachta um chinnteoireacht na bainistíochta;
- (b) cairt eagraíochtúil de chuid an riarthóra tagarmhairc, lena leagtar amach conas a leithdháiltear feidhmeanna agus freagrachtaí ar na daoine ag a bhfuil baint dhíreach le soláthar tagarmhairc;
- (c) línte tuairiscithe inmheánacha.

2. Leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), cumhdófar na nithe uile seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:

- (a) comhdhéanamh, ról agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta agus aon choistí gaolmhara;
- (b) struchtúr an chomhlachta bainistíochta;
- (c) ceapachán an chomhlachta bainistíochta.

3. Leis an gcairt eagraíochtúil dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), sonrófar aon fheidhm atá seachfhoinsithe laistigh agus lasmuigh de ghrúpa an riarthóra agus aon chomhalta comhroinnté den fhoireann laistigh de ghrúpa an riarthóra. Le linn feidhmeanna agus freagrachtaí a leithdháileadh, áiritheofar le socruthe rialachais riarthóirí, i gcás ina gcomhlíonann daoine feidhmeanna iomadúla nó ina bhfuil baint acu le coistí éagsúla, go mbeidh siad in ann am leordhóthanach a chaitheamh i mbun na bhfeidhmeanna agus na bhfreagrachtaí arna leithdháileadh orthu agus nach gcuirfear cosc orthu a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go stuama, go hionraic agus go gairmiúil.

Chun críocha na chéad fhomhíre, cuirfidh riarthóirí san áireamh an líon cruinnithe nach mó don duine ábhartha freastal orthu, cineál an phoist shonraigh agus na bhfreagrachtaí gaolmhara agus cibé acu an gcuireann an duine lena mbaineann aon fheidhm nó gníomhaíocht eile i gcrích.

(⁹) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrús agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(⁹) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrús agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

4. Le socruite rialachais riarthóirí tagarmharcanna déanfar foráil maidir lecreat luacha saothair soiléir do na daoine uile ag a bhfuil baint dhíreach le soláthar an tagarmhairc, agus na feidhmeanna agus na freagrachtaí arna leithdháileadh orthu á gcur san áireamh.

5. Féadfaidh riarthóirí tagarmharcanna a roghnú gan mír 2, pointe (c), ná mír 4 a chur i bhfeidhm maidir lena dtagarmharcanna neamhshuntasacha.

6. Féadfaidh riarthóirí tagarmharcanna a roghnú gan mír 2, pointe (c) ná mír 4 a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an rogha diúltaithe sin iomchuí agus comhréireach, ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- (a) cineál, scála agus castacht ghníomhaíochtaí an riarthóra;
- (b) an dóchúlacht go n-eascródh coinbhleacht leasa idir soláthar an tagarmhairc agus aon ghníomhaíocht eile de chuid an riarthóra;
- (c) an leibhéal discréide a bhaineann le próiseas sholáthar an tagarmhairc.

### Airteagal 2

#### Cuntasacht

1. Maidir le socruite rialachais riarthóirí tagarmharcanna sonrófar leo, ar bhealach soiléir agus dea-dhoiciméadaithe, mar chuid dá struchtúr eagraíochtaí, cuntasacht na ndaoine seo a leanas:

- (a) na daoine atá freagrach as cinntí a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar sholáthar an tagarmhairc, go háirithe i gcás ina ndéantar an chinnteoireacht sin a tharmligeann.
- (b) na daoine atá freagrach as coinbhleacthaí leasa atá ann nó as coinbhleacthaí leasa féideartha a fhoilsíú nó a nochtadh de bhun Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2016/1011;
- (c) na daoine atá freagrach as nósanna imeachta rialaithe sonracha inmheánacha a bhunú chun sláine agus iontaofacht an fhostaí nó an duine ag a bhfuil an tagarmharc á chinneadh a áirithiú, dá dtagraítear in Airteagal 4(8) de Rialachán (AE) 2016/1011;
- (d) na daoine atá freagrach as tuairisciú inmheánach aon imthoisce as a bhféadfaidh coinbhleacthaí leasa eascairt.

2. Féadfaidh riarthóirí tagarmharcanna a roghnú gan mír 1, pointe (d), a chur i bhfeidhm maidir lena dtagarmharcanna neamhshuntasacha.

### Airteagal 3

#### Ceanglais trédhearcachta

1. Le socruite rialachais riarthóirí tagarmharcanna áiritheofar go mbeidh a mbainisteoirí nó a bhfostaithe uile, agus aon duine nádúrtha eile a gcuirtear a seirbhísí ar fáil dóibh nó faoina rialú agus ag a bhfuil baint dhíreach le soláthar tagarmhairc, ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus faoi na nösanna imeachta nach mór a leanúint chun go gcomhlíonfar na freagrachtaí sin go hiomchuí.

2. I gcás ina bhfuil riarthóir tagarmhairc mar chuid de ghrúpa, le socruite rialachais an riarthóra sin mionsonrófar aon fheidhm a bhaineann le haon seirbhís agus gníomhaíocht lena mbaineann i soláthar an tagarmhairc a seachfhoinsíodh, lena n-áirítear chuit grúpeintitis, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1011.

### Airteagal 4

#### Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infsheidhme go  
díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1351 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2021

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonrófar saintréithe na gcóras agus na rialuithe chun aon iompar, a bhféadfaidh cúbláil ar thagarmharc nó iarracht ar chúbláil ar thagarmharc a bheith ag baint leis, a shainaithint agus a thuairisciú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (¹), agus go háirithe Airteagal 14(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart a áirithíú go ndéanfar cúbláil ar thagarmharc nó iarracht ar chúbláil ar thagarmharc a bhrath ar bhealach éifeachtach agus leordhóthanach. Dá bhrí sin, is gá go mbeidh na córais agus na rialuithe de chuid riarthóir tagarmhairc comhréireach le cineál agus castacht an tagarmhairc arna sholáthar, agus leis an riosca cúblála a bhaineann leis, agus go ndéanfar meastóireacht ar an riosca cúblála ar bhonn measúnú oibachtúil lena gcuirtear bunús, cineál, tréith ar leith agus déine an riosca sin san áireamh.
- (2) Chun a áirithíú go ndéanfar brath aon iompair, a bhféadfaidh cúbláil ar thagarmharc nó iarracht ar chúbláil ar thagarmharc a bheith ag baint leis, ar bhealach éifeachtach, is gá foráil a dhéanamh maidir le córais uathoibrithe iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar shonraí ionchuir. Mar sin féin, ní leor córais uathoibrithe amháin chun a áirithíú go mbraithefear iompraíocht ionramhlach go héifeachtach. Dá bhrí sin ba cheart córais uathoibrithe a chomhlánú le leibhéal iomchuí analíse daonna, rud a bheidh le déanamh ag comhaltaí foirne ar a gcuirfear oiliúint iomchuí.
- (3) Chun a áirithíú go bhféadfaidh údarás inniúla measúnú éifeachtach a dhéanamh ar bhearta arna ndéanamh chun mí-iompar a shainaithint agus a thuairisciú, ba cheart do riarthóirí, arna iarraidh sin, faisinéis a sholáthar don údarás inniúil maidir le cineál agus castacht an tagarmhairc lena mbaineann, agus leis an riosca cúblála a bhaineann leis, agus bunús a thabhairt lena iomchuí atá an leibhéal uathoibrithe agus analíse daonna arna roghnú.
- (4) Ba cheart d'fhostaithe riarthóra tagarmhairc, atá i gceannas ar chórais agus rialuithe an riarthóra a oibriú, oiliúint iomchuí a fháil chun é a chur ar a gcumas dóibh analís a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil ionchur sonraí ar leith amhrasta. Leis an oiliúint sin ba cheart a áirithíú go mbeidh na fostaithe sin ar an eolas faoi na saintréithe a bhaineann le sonraí ionchuir a chur isteach go hiomchuí agus faoi neamhréireachtaí i sonraí ionchuir arna ndéanamh, b'fhéidir, de dheasca cúblála nó iarracht ar chúbláil. Ba cheart oiliúint éifeachtach a chur in oiriúint do chineál agus castacht an tagarmhairc arna sholáthar agus don riosca cúblála a bhaineann leis sin.
- (5) Is féidir gur fearr le riarthóirí feidhmeanna a bhaineann leis na córais agus leis na rialuithe a sheachfhoinsiú. Níor cheart an seachfhoinsiú sin a bheith indéanta ach a mhéid nach ndéantar díobhail ábhartha leis do rialú an riarthóra ar sholáthar an tagarmhairc ná do chumas an údarás inniúil ábhartha maoirseachta dhéanamh ar an tagarmharc, agus tá sé in aon chás faoi réir cheanglais Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1011.
- (6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeán theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

¹ IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.

- (7) Reáchtail ESMA comhairliúchán phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'íarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹).
- (8) Chun comhsheasmhacht le dáta chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (²) a áirithíú, rud a thugtar isteach i Rialachán (AE) 2016/1011 Airteagal 14(4) leis an Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### **Córais leordhóthanacha agus rialú éifeachtach**

1. Maidir leis na córais leordhóthanacha agus leis na rialuithe éifeachtacha dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2016/1011:

- (a) beidh siad iomchuí maidir le cineál agus castacht an tagarmhairc lena mbaineann, agus leis an riosca cúblála a bhaineann leis, agus comhréireach leis an méid sin;
- (b) déanfar athbhreithniú tráthrialta, agus bliantúil ar a laghad, orthu agus tabharfar cothrom le dáta iad nuair is gá chun a áirithíú go leanfar de phointe (a) a chomhlíonadh leis na córais agus leis na rialuithe sin;
- (c) déanfar iad a dhoiciméadú i scríbhinn ar bhealach soiléir agus sothuigthe, lena n-áirítéar aon athrú ar na córais agus ar na rialuithe sin nó aon fhaisnéis lena ndéantar iad a thabhairt cothrom le dáta.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, déanfaidh riarthóir, ar bhonn tráthrialta agus go bliantúil ar a laghad, measúnú ar riosca cúblála an tagarmhairc arna sholáthar, agus na heilimintí seo a leanas á gcur san áireamh:

- (a) na hoibríochtaí beartaithe a cheanglaítear chun an tagarmharc a sholáthar;
- (b) bunús, cineál, tréith ar leith agus déine fhéideartha an riosca cúblála;
- (c) na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic leis an riosca cúblála, lena n-áirítéar coimircí, bearta slándála agus nósanna imeachta inmheánacha.

2. Sna córais leordhóthanacha agus sna rialuithe éifeachtacha dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2016/1011 áireofar, de réir an leibhéal atá iomchuí maidir le cineál agus castacht an tagarmhairc arna sholáthar, agus leis an riosca cúblála a bhaineann leis, na heilimintí uile seo a leanas:

- (a) bogearraí lenar féidir léamh uathoibrithe iarchurtha, athúsáid agus anailís a dhéanamh ar shonraí ionchuir;
- (b) anailís dhaonna agus iompraíocht, a bhféadfaidh cúbláil nó iarracht ar chúbláil a bheith ag baint léi, á brath agus á sainaithint.

3. Déanfaidh riarthóir, arna iarraidh sin don údarás inniúil, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c) a sholáthar don údarás inniúil agus tabharfaidh sé bunús lena iomchuí atá an leibhéal uathoibrithe agus anailís daonna arna roghnú, dá dtagraítear i mír 2.

(¹) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(²) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistríthe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

*Airteagal 2***Oiliúint**

1. Maidir leis na córais leordhóthanacha agus leis na rialuithe éifeachtacha dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2016/1011, déanfaidh fostaithe an riarthóra, a bhfuil oiliúint leordhóthanach agus tráthrialta faigte acu chun an méid seo a leanas a dhéanamh, iad a oibriú:
  - (a) aon sonra ionchuir amhrasta, a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca cúbláil ar thagarmharc nó iarracht ar chúbláil, a bhrath agus a shainaithint;
  - (b) aon toradh den sórt sin a thuairisciú go pras dá líne tuairiscithe inmheánach.
2. Agus inneachar na hoiliúna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á chinneadh, déanfaidh riarthóir cineál agus castacht an tagarmhairc arna sholáthar, agus an riosca cúblála a bhaineann leis, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a) a chur san áireamh.

*Airteagal 3***Beartas maidir le sláine sonraí ionchuir**

Maidir leis na córais leordhóthanacha agus leis na rialuithe éifeachtacha dá dtgraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2016/1011, déanfar iad a dhoiciméadú i mbeartas maidir le sláine sonraí ionchuir lena léirítear:

- (a) an riosca a bhaineann le cúbláil ar thagarmharc;
- (b) tuairisc ghinearálta ar na córais leordhóthanacha agus ar na rialuithe éifeachtacha, lena n-áirítear a gcomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 1;
- (c) tuairisc ghinearálta ar an oiliúint a chuirtear ar fhostaithe an riarthóra ag a bhfuil baint le hoibriú na gcóras leordhóthanach agus na rialuithe éifeachtacha, dá dtgraítear in Airteagal 2;
- (d) ainm agus sonraí teaghmhála na ndaoine atá freagrach as na córais leordhóthanacha agus as na rialuithe éifeachtacha.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1352 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2021

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhainneann le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais a bhainneann lena áirithiú go mbeidh an mhodheolaíocht lena gcinntear tagarmharc i gcomhréir leis na ceanglais chálíochta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinneácsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (¹), agus go háirithe Airteagal 12(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ionas go mbeidh an mhodheolaíocht lena gcinntear tagarmharc láidir agus iontaofa, ba cheart a shonrú leis an modheolaíocht sin cineál na sonraí ionchuir arna úsáid agus aon chrítear atá le bheith infheidhme in imthosca ina dtíteann cainníocht nó cáilíocht na sonraí ionchuir faoi bhun na gcaighdeán is gá chun go ndéanfar an tagarmharc a chinneadh go cruinn agus go hiontaofa leis an modheolaíocht, ba cheart í a bheith faoi réir measúnú ar an gcaidreamh idir na príomhthoimhdí arna n-úsáid agus íogaireacht an tagarmharc arna ríomh leis an modheolaíocht sin, ba cheart a bheith in ann léiriú a thabhairt léi ar an mbunmhargadh nó ar an bhfíorchás eacnamaíoch lena bhféachtar lena thomhas agus ba cheart fachtóirí a ionchorprú léi lena n-áirítear paraíméadair agus sonraí ionchuir is ábhartha chun an bunmhargadh a thomhas.
- (2) Ríomhtar tagarmharc trí úsáid a bhaint as foirmle nó as modheolaíocht ríofa eile bunaithe ar luachanna foluiteacha. Bíonn méid áirithe disréide ag riarthóirí maidir leis an bhfoirmle a chur le chéile, leis an ríomh is gá a dhéanamh agus leis na sonraí ionchuir a chinneadh. Cruthaítear riosca cúblála leis an méid disréide sin. Dá bhrí sin, ba cheart do riarthóirí a áirithiú go mbeidh córas rialaithe iomchuí i bhfeidhm nuair a úsáidtear an disréid sin. Le Rialachán (AE) 2016/1011 aithnítear go mb'fhéidir go leabófaí an disréid arna feidhmiú ag gach riarthóir, agus sin trí mhodheolaíocht tagarmharc a chur le chéile. Tá sé tábhachtach go n-áireofar rialacha soiléire sa mhodheolaíocht lena sainaithnítear conas agus cathain a cheadaítear an disréid sin a fheidhmiú agus go háirithe cibé acu an bhfuil an disréid sin bunaithe ar algartam nó ar mhodheolaíocht réamhshainithe. Thairis sin, leis an modheolaíocht ba cheart soiléiriú a thabhairt ar na himthosca ina measfaí nár leordhóthanach sonraí idirbhirt sa bhunmhargadh.
- (3) Tá sé tábhachtach go mbeidh riarthóir in ann modheolaíocht tagarmharc a chur le chéile atá athléimneach ó thaobh dalaí margaidh éagsúla de agus lena gceadaítear an tagarmharc a ríomh sa mhéid is leithne imthosca margaidh agus is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart an mhodheolaíocht tagarmharc arna húsáid a bheith ag brath ar luachanna stairiúla leordhóthanacha agus iomchuí de chuid an tagarmharc. Ar an gcúis chéanna, agus go háirithe chun ríomh an tagarmharc a bhailíochtú agus chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na modheolaíochta *ex post*, ba cheart iarthástáil a dhéanamh ar an modheolaíocht tagarmharc in aghaidh sonraí idirbhirt atá ar fáil. Ba cheart an iarthástáil sin a bheith ina cleachtas *ex post* lena n-úsáidtear sonraí breise atá ar fáil agus nár úsáideadh le haghaidh ríomh an tagarmharc nó foinsí eile sonraí idirbhirt, nó lena n-atógtar luachanna stairiúla an tagarmharc. Chun a áirithiú go bhféadfar bailíochtú a dhéanamh leis an modheolaíocht tagarmharc, tá sé tábhachtach go ndéanfar iarthástáil tráth gach athbhreithnithe bhliantúil ar an modheolaíocht tagarmharc agus, de réir chineál an tagarmharc, tar éis gach athraithe ábhartha a dhéantar ar an modheolaíocht sin, ar bhonn leanúnach, nó nuair a sholáthraítear an tagarmharc den chéad uair. Ba cheart torthaí na hiarthástála a léiriú sa mhodheolaíocht.

¹ IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.

- (4) Ba cheart a bheith in ann modheolaíocht tagarmhairc atá athléimneach a úsáid chun an tagarmharc a ríomh sa mhéid is leithne imthosca agus is féidir, lena n-áirítear i ndálaí struis margaidh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh riarthóirí measúnú ar thionchar dálaí margaidh éagsúla ar an modheolaíocht trí úsáid a bhaint as sonraí stairiúla ó dháláí struis sa mhargadh a réadaíodh, agus i gcás tagarmharcanna criticiúla, go n-úsáidfear sonraí hipitéiseacha le haghaidh dálaí struis margaidh nár réadaíodh.
- (5) Le modheolaíocht tagarmhairc atá inrianaithe agus infhíoraithe ba cheart foráil a dhéanamh maidir le seiceáil agus rialú leanúnach ar gach ríomh a dhéantar ar an tagarmharc. Leis an inrianaitheacht ba cheart doiciméadacht ar na bearta éagsúla den mhodheolaíocht a áireamh agus ba cheart í a bheith mar bhunús le hinfhíoraitheacht rud a d'fhágfadh go bhféadfaí luachanna stairiúla an tagarmhirc a atógáil.
- (6) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, maidir le riarthóirí tagarmharcanna neamhshuntasacha agus tagarmharcanna sonraí rialálite, níor cheart dóibh a bheith faoi réir ualach riarchán iomarcach. Dá bhrí sin, is ionchúi go mbeadh na riarthóirí sin in ann diúltú do cheanglais cháilíochta áirithe le haghaidh an dtagarmharcanna sin. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil údar leis i bhfianaise chineál, scála agus chastacht a gníomhaíochtaí, na dochúlachta go n-eascródh coimhleacht leasa idir soláthar an tagarmhirc agus aon ghníomhaíocht eile de chuid an riarthóra, agus an leibhéal discréide a bhaineann le próiseas sholáthar an tagarmhirc, ba cheart do riarthóirí tagarmharcanna áirithe a bheith in ann diúltú do cheanglais áirithe maidir le hathléimneacht mhodheolaíocht an tagarmhirc.
- (7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) faoi bhráid an Choimisiúin.
- (8) Reáchtáil ÚEUM comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹).
- (9) Chun comhsheasmhacht le dáta chur i bhfeidhm Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹) a áirithiú, rud a thugtar isteach i Rialachán (AE) 2016/1011 Airteagal 12(4) leis an Rialachán sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

### **Na coinníollacha a bhaineann lena áirithiú go mbeidh an mhodheolaíocht tagarmhirc láidir agus iontaofa**

1. Maidir le modheolaíocht tagarmhairc dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/1011:

- (a) beifear in ann léiriú a thabhairt léi ar an mbunmhargadh nó ar an bhfiorchás eacnamaíoch lena bhféachtar lena thomhas agus déansar fachtóirí a ionchorprú léi, lena n-áirítear paraíméadair agus sonraí ionchuir is ábhartha chun an bunmhargadh a thomhas;

(¹) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(²) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistiochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

- (b) beidh sí faoi réir measúnú ar an gcaidreamh idir na príomhthoimhdí arna n-úsáid agus íogaireacht an tagarmhairc arna ríomh leis an modheolaíocht sin;
- (c) sonrófar léi cineál na sonraí ionchuir arna n-úsáid sa mhodheolaíocht;
- (d) sonrófar léi aon chritéar atá le bheith infheidhme in imthosca ina dtíteann cainníocht nó cáilíocht na sonraí ionchuir faoi bhun na gcaighdeán is gá chun go ndéanfar an tagarmharc a chinneadh go cruinn agus go hiontaofa leis an modheolaíocht.

2. Féadfaidh riarthóirí tagarmharcanna neamhshuntasacha a roghnú gan mír 1, pointe (b), a chur i bhfeidhm maidir leis na tagarmharcanna sin.

3. Féadfaidh riarthóirí tagarmharcanna sonraí rialálte a roghnú gan mír 1, pointí (b) agus (c), a chur i bhfeidhm maidir leis na tagarmharcanna sin.

### Airteagal 2

#### **Na coinníollacha a bhaineann lena áirithiú go mbeidh rialacha soiléire ag baint leis an modheolaíocht tagarmhairc lena sainaithnítear conas agus cathain a fhéadfar discréid a fheidhmiú agus an tagarmharc á chinneadh**

Maidir le modheolaíocht tagarmhairc dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/1011 sonrófar na nithe uile seo a leanas:

- (a) céim ríofa an tagarmhairc ar a bhfeidhmítear discréid;
- (b) na critéir atá le húsaíd agus an discréid á feidhmiú;
- (c) na sonraí ionchuir atá le cur san áireamh;
- (d) i gcás inarb infheidhme, liosta neamhchuimsitheach ar na coinníollacha faoinarb amhlaidh:
  - (i) atá sonraí idirbhirt sa bhunmhargadh le meas mar shonraí neamh-leordhóthanacha agus is gá sonraí idirbhirt i margáí gaolmhara a úsáid;
  - (ii) nach dtagann toradh as an modheolaíocht a chur i bhfeidhm agus is gá discréid a fheidhmiú agus an tagarmharc á chinneadh.
- (e) an cineál margáí gaolmhara atá le meas mar mhargaí iomchuí chun críocha phointe (d)(i).

### Airteagal 3

#### **Na coinníollacha a bhaineann lena áirithiú go mbeidh an mhodheolaíocht tagarmhairc dian, leanúnach agus inbhailíochtaithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí iarthástáil a dhéanamh in aghaidh sonraí idirbhirt atá ar fáil**

1. Maidir le modheolaíocht tagarmhairc dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/1011 beidh na nithe uile seo a leanas inti:

- (a) measúnú ar a leordhóthanaí agus ar a iomchuí atá luachanna stairiúla an tagarmhairc a tháirgtear leis an modheolaíocht sin;
- (b) sonraí ionchuir iontaofa, lena n-áirítear méid iomchuí na samplaí sonraí, más ann;

2. Áiritheoidh riarthóirí tagarmhairc go ndéanfar aon iarthástáil, a bhfuil an mhodheolaíocht tagarmhairc faoina réir, *ex post* agus go dtagrófar do thréimhse ama iomchuí léi.

Déanfar iarthástáil ar a laghad tráth gach athbhreithnithe bhliantúil ar an modheolaíocht tagarmhairc agus tar éis aon athrú ábhartha ar an modheolaíocht sin. Maidir le tagarmharcanna sonraí rialálte, déanfar iarthástáil nuair a sholáthraítear an tagarmharc den chéad uair. Maidir le tagarmharcanna criticíúla, déanfar iarthástáil mhíosúil.

Áireofar leis an modheolaíocht tagarmhairc measúnú ar na tortaí iarthástála, lena n-áirítear próisis chun a áirithiú go ndéanfar aimhrialtachtaí córasacha, a chuirtear i dtábhacht le hiarthástáil, a shainaithínt agus go rachfar i ngleic leo mar is iomchuí.

#### Airteagal 4

**Na coinníollacha a bhaineann lena áirithiú go mbeidh an mhodheolaíocht tagarmhairc athléimneach agus go n-áireofar léi gur féidir an tagarmharc a riomh sa mhéid is leithne imthosca agus is féidir, gan cur isteach ar a shláine**

1. Déanfaidh riarthóirí measúnú ar thionchar dálaí margaidh éagsúla ar an modheolaíocht trí úsáid a bhaint as sonraí stairiúla ó dhálaí struis sa mhargadh. I gcás nach mbeidh aon sonra stairiúil iomchuí ar fáil, úsáidfidh riarthóirí tagarmharcanna criticiúla sonraí hipitéiseacha lena léirítéar dálaí struis sa mhargadh.
2. Úsáidfidh riarthóirí paraiméadar agus toimhdí sa mhodheolaíocht chun éagsúlacht dálaí stairiúla nó, i gcás riarthóirí tagarmharcanna criticiúla, éagsúlacht dálaí hipitéiseacha a ghabháil, lena n-áirítear na tréimhsí is luainí sna margai agus éagsúlacht hipitéiséí maidir le comhghaoil idir bunsócmhainní á cur san áireamh.
3. Féadfaidh riarthóirí tagarmharcanna neamhshuntasacha agus tagarmharcanna sonraí rialálte a roghnú gan mír 2 a chur i bhfeidhm maidir leis na tagarmharcanna sin.
4. Féadfaidh riarthóirí a roghnú gan aon cheann de na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm, ag féachaint do na hábhair seo a leanas:
  - (a) cineál, scála agus castacht sholáthar an tagarmhairc;
  - (b) an dóchúlacht go n-eascródh coinbhleacht leasa agus na tagarmharcanna á soláthar;
  - (c) an leibhéal discréide a bhaineann le próiseas soláthair tagarmharcanna.

#### Airteagal 5

**Na coinníollacha a bhaineann lena áirithiú go mbeidh an mhodheolaíocht tagarmhairc inrianaithe agus infhíoraithe**

Coimeádfaidh riarthóirí tagarmharcanna rian iniúchta doiciméadaithe ar riomh an tagarmhairc, lena n-áirítear aon mheasúnú ar athléimneacht na modheolaíochta agus na torthaí iarthástála.

#### Airteagal 6

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infsheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin  
An tUachtaráin  
Ursula VON DER LEYEN*

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1353 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Bealtaine 2021

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cásanna agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis inniúla saotharlanna oifigiúla a ainmniú nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir leis na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (¹), agus go háirithe Airteagal 41 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Anailísí, tástálacha agus diagnósií saotharlainne ar shamplaí a glacadh le linn rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile, foráiltear le Rialachán (AE) 2017/625 gur saotharlanna oifigiúla a dhéanfaidh na nithe sin, saotharlanna a bheidh ainmnithe ina saotharlanna oifigiúla ag údaráis inniúla na mBallstát.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 37(4), pointe (e) de Rialachán (AE) 2017/625, ní mór do shaotharlanna oifigiúla critéir chreidiúnaithe áirithe bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, *inter alia*. Foráiltear in Airteagal 37(5) go gcuimseofar i raon feidhme an chreidiúnaithe sin na modhanna analíse, tástála nó diagnóise saotharlainne is gá a úsáid le linn obríochtaí oifigiúla saotharlainne.
- (3) An oibleagáid maidir le saotharlanna agus modhanna a chreidiúnú, is é is cuspóir di a áirithiú go mbeidh saotharlanna oifigiúla inniúil ar thorthaí iontaofa agus inatáirgthe a sholáthar ionas go mbeidh bonn ann do rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla comhchuibhithe eile laistigh den Aontas.
- (4) Ag an am céanna, éilíonn an próiseas creidiúnaithe go leor ama agus acmhainní.
- (5) Le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) 2017/625, dá bhrí sin, saotharlanna nach gcomhlíonann coinníollacha Airteagal 37(4), pointe (e) den Rialachán sin i ndáil leis na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile, tugtar de chumhacht don Choiomisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear na cásanna ina bhféadfaidh údaráis inniúla na saotharlanna sin a ainmniú ina saotharlanna oifigiúla, agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh siad sin a dhéanamh. Féadfar saotharlanna den sórt sin a ainmniú de réir na gcoinníollacha a shonraítear faoin gumhachtú sin ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir a bhunaítear in Airteagal 41, pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2017/625.
- (6) Tá gá le tuilleadh iarrachtaí sna réimsí seo a leanas chun próiseas an chreidiúnaithe a thabhairt chun críche - sláinte plandaí, ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, breiseáin bhí, einsimí bia, blastáin agus breiseáin bheathaithe. Tá na tascanna a bhaineann leis an méid sin casta, mar an lón substaintí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a bhíonn le fíorú i mairtír ar leith nó sna comhcheangail éagsúla mairtíse/anailíte, cialláonn sé go mbíonn raon leathan agus lón ard modhanna tástála i gceist. Cuireann creidiúnú na gcomhcheangal féideartha uile ualach diréreach ó thaobh ama agus acmhainní de ar shaotharlanna sna réimsí sin.

¹) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

- (7) Dá bhrí sin, na saotharlanna sin nach bhfuil creidiúnaithe i leith na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile, ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann na saotharlanna sin a ainmniú ina saotharlanna oifigiúla ar choinníoll go bhfuil scéim dearbhaithe cártaíochta i bhfeidhm acu agus go mbaineann siad úsáid as modhanna arb é is bunús dóibh na critéir ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/625 iad, agus na módlachtaí maidir leis na critéir sin a chur i bhfeidhm.
- (8) I réimse shláinte na bplandaí, na saotharlanna sin ar mian leo úsáid a bhaint as modh nach bhfuil creidiúnu acu ina leith, ba cheart údaráis inniúla a bheith in ann na saotharlanna sin a ainmniú ina saotharlanna oifigiúla ach creidiúnu a bheith acu cheana i leith modh amháin ar a laghad atá le húsáid ar lotnaid ar den ghrúpa orgánach céanna ise agus an lotnaid ar a n-úsáidtear an modh neamhchreidiúnaithe, mar atá néimeatoidí, baictéir, fungais agus túimíceáití, víris, vioróidigh agus fiteaplasmaí, feithidí agus fineoga.
- (9) I gcomhréir le hAireagal 167(2) de Rialachán (AE) 2017/625, i réimse shláinte na bplandaí, beidh feidhm ag Airteagal 37(4), pointe (e) agus ag Airteagal 37(5) den Rialachán sin ón 29 Aibreán 2022. Maidir le saotharlanna oifigiúla a ainmniú i réimse shláinte na bplandaí, ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin ón 29 Aibreán 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### Ábhar

Saotharlanna nach gcomhlíonann na coinníollacha creidiúnaithe a leagtar síos in Airteagal 37(4), pointe (e) de Rialachán (AE) 2017/625 maidir leis na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile, bunaítear leis an Rialachán seo na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na saotharlanna sin a ainmniú ina saotharlanna oifigiúla, agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh siad sin a dhéanamh.

### Airteagal 2

#### **Saotharlanna oifigiúla sna réimsí seo a leanas - ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, breiseáin bhia, einsímí bia, blastáin agus breiseáin bheathaithe**

Saotharlanna nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 37(4), pointe (e) de Rialachán (AE) 2017/625 i ndáil leis na modhanna analíse, tástála nó diagnóise saotharlainne ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile, féadfaidh na húdaráis inniúla na saotharlanna sin a ainmniú ina saotharlanna oifigiúla i réimsí na n-ábhar a bhíonn i dtadhall le bia, na mbreiseáin bia, na n-einsímí bia, na mblastán agus na mbreiseáin beathaithe ar choinníoll:

- (a) go bhfuil córas dearbhaithe cártaíochta i bhfeidhm ag na saotharlanna sin chun a áirithíú go bhfaighfear torthaí iontaofa ó úsáid modhanna analíse, tástála nó diagnóise saotharlainne atá lasmuigh de raon feidhme a gcreidiúnaithe agus
- (b) na modhanna neamhchreidiúnaithe a úsáideann na saotharlanna sin, is é is bunús dóibh na critéir ábhartha maidir leis na réimsí a chumhdaítear faoin Airteagal seo agus a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/625.

### Airteagal 3

#### **Saotharlanna oifigiúla i réimse shláinte na bplandaí**

Saotharlanna nach gcomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 37(4), pointe (e) de Rialachán (AE) 2017/625 i ndáil leis na modhanna analíse, tástála nó diagnóise saotharlainne ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile, féadfaidh na húdaráis inniúla na saotharlanna sin a ainmniú ina saotharlanna oifigiúla i réimse shláinte na bplandaí ar choinníoll:

- (a) go bhfuil córas dearbhaithe cártaíochta i bhfeidhm ag na saotharlanna sin chun a áirithíú go bhfaighfear torthaí iontaofa ó úsáid modhanna analíse, tástála nó diagnóise saotharlainne atá lasmuigh de raon feidhme a gcreidiúnaithe;
- (b) na modhanna neamhchreidiúnaithe a úsáideann na saotharlanna sin, is é is bunús dóibh na critéir ábhartha maidir le réimse shláinte na bplandaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/625, agus
- (c) go bhfuil an tsaotharlann creidiúnaithe cheana féin le haghaidh ceann amháin ar a laghad de na modhanna a liostaítear sna catagóirí dá dtagraítear san Iarscríbhinn agus atá le húsáid ar lotnaid ar den ghrúpa orgánach céanna ise agus an lotnaid ar a n-úsáidtear an modh neamhchreidiúnaithe.

Airteagal 4

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 3 ón 29 Aibreán 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infsheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

**CATAGÓIRÍ NA MODHANNA A ÚSÁIDTEAR LE ḤAGHAIDH ANAILÍSÍ, TÁSTÁLACHA AGUS DIAGNÓISÍ I  
RÉIMSE SHLÁINTE NA bPLANDAÍ**

1. Modhanna baoiteála, aonraithe agus eastósctha, lena n-áirítear:
  - Modhanna plátala
  - Modhanna chun spriocorgánach a bhaint as maitrís
2. Modhanna moirfeolaíocha agus morfaiméadracha
3. Modhanna chun an phataigineacht a mheasúnú
4. Modhanna bitchheimiceacha, lena n-áirítear:
  - Leictreafóiréis einsíme
  - Ais-Leictreafóiréis Glóthaí Polacriolaimíde (R-PAGE)
5. Modhanna mearloirg, lena n-áirítear:
  - Próitén a phróifíliú
  - Aigéid shailleacha a phróifíliú
  - DNA a phróifíliú
  - Mais-speictriméadracht MALDI-TOF
6. Modhanna móilíneacha, lena n-áirítear:
  - Gnáth-Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (PCR)
  - Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise Fíor-ama (PCR Fíor-ama)
  - Aimpliúchán isiteirmeach trí mheán lúibe (LAMP)
  - Aimpliúchán polaiméaráise athchuingráis (RPA)
  - Seicheamhú den chéad ghlúin eile (NGS)
  - Barrachódú DNA
7. Modhanna séireolaíocha, lena n-áirítear:
  - Imdhíonfhluaraisceacht
  - Measúnacht imdhíonsúiteachta einsímnasctha (ELISA)
  - Micreascópacht leictreon imdhíonsúiteachta

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1354 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Lúnasa 2021

**lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 30 Meitheamh 2021 go dtí an 29 Meán Fómhair 2021 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (¹), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 77e(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse ag gnóthais árachais agus athárachais chun críocha Threoir 2009/138/CE, ba cheart faisnéis theicniúil a leagan síos le haghaidh gach dáta tagartha maidir le struchtúir téarma ábhartha agus ráta úis atá saor ó riosca agus maidir le raonta difriochta bunúsacha chun an coigeartú meaitseála agus na coigeartuithe luineachta a ríomh.
- (2) Ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais úsáid a bhaint as an bhfaisnéis theicniúil atá bunaithe ar shonraí margaidh a bhaineann le deireadh na míosa roimhe sin a thagann roimh an gcéad dáta tagartha maidir le tuairisciú a bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leis. An 5 Iúil 2021 chuir an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde an fhaisnéis theicniúil a bhaineann le sonraí margaidh go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021 ar fáil don Choimisiún. Foilsiodh an fhaisnéis sin an 5 Iúil 2021 i gcomhréir le hAirteagal 77e(1) de Threoir 2009/138/CE.
- (3) I bhfianaise an ghá an fhaisnéis theicniúil a bheith ar fáil láithreach, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhonn práinne.
- (4) Ar chuíseanna stuamachta, ní mór go n-úsáidfidh gnóthais árachais agus athárachais an fhaisnéis theicniúil chéanna chun forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha a ríomh gan beann ar an dáta a thuairiscíonn siad dá n-údaráis inniúla. Ba cheart dá bhrí sin go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ón gcéad dáta tagartha tuarascála a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis.
- (5) D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil a luithe is féidir, ar mhórchúiseanna práinne a bhaineann le hinfhaighteacht an struchtúir téarma ábhartha agus ráta úis atá saor ó riosca, tá bonn cirt cuí le bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8, i gcomhar le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (²),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Bainfidh gnóthais árachais agus athárachais úsáid as an bhfaisnéis theicniúil dá dtagraítear i mír 2 agus forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha á ríomh le haghaidh tuarascála a bhfuil dátaí tagartha ón 30 Meitheamh 2021 go dtí an 29 Meán Fómhair 2021 ag baint leo.

(¹) IO L 335, 17.12.2009, lch. 1.

(²) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhactaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

2. I gcás gach airgeadra ábhartha, maidir leis an bhfaisnéis theicniúil a úsáidfear chun an meastachán is fearr a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 77 de Threoir 2009/138/CE, chun an coigeartú meaitseála a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 77c den Treoir sin agus chun an coigeartú luineachta a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 77d den Treoir, is é a bheidh inti an méid seo a leanas:

- (a) na struchtúir téarma ábhartha agus ráta úis atá saor ó riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn I;
- (b) na raonta difríochta bunúsacha le haghaidh ríomh an choigearтаithe meaitseála a leagtar amach in Iarscríbhinn II;
- (c) i dtaca le gach margadh árachais náisiúnta ábhartha, na coigeartuithe luineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

#### Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Meitheamh 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infsheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Lúnasa 2021

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

**Struchtúir téarma ábhartha agus ráta úis atá saor ó riosca chun an meastachán is fearr a ríomh, gan aon choigeartú meaitseála nó coigeartú luaineachta**

Téarma go dtí aibíocht (i mblianta)	Euro	Koruna Phoblacht na Seice	Krone na Danmhairge	Forint na hUngáire	Krona na Sualainne	Kuna na Cróite
1	-0,605 %	1,015 %	-0,615 %	0,917 %	-0,120 %	-0,171 %
2	-0,555 %	1,489 %	-0,565 %	1,279 %	-0,027 %	-0,072 %
3	-0,495 %	1,720 %	-0,505 %	1,546 %	0,068 %	-0,007 %
4	-0,426 %	1,816 %	-0,436 %	1,772 %	0,178 %	0,050 %
5	-0,346 %	1,842 %	-0,356 %	1,967 %	0,284 %	0,120 %
6	-0,276 %	1,827 %	-0,286 %	2,136 %	0,352 %	0,214 %
7	-0,206 %	1,796 %	-0,216 %	2,285 %	0,408 %	0,337 %
8	-0,126 %	1,768 %	-0,136 %	2,413 %	0,472 %	0,488 %
9	-0,064 %	1,749 %	-0,074 %	2,527 %	0,557 %	0,666 %
10	0,003 %	1,744 %	-0,007 %	2,628 %	0,675 %	0,832 %
11	0,067 %	1,754 %	0,057 %	2,718 %	0,831 %	0,979 %
12	0,126 %	1,776 %	0,116 %	2,803 %	1,000 %	1,111 %
13	0,183 %	1,805 %	0,172 %	2,879 %	1,164 %	1,230 %
14	0,232 %	1,840 %	0,221 %	2,952 %	1,318 %	1,338 %
15	0,268 %	1,878 %	0,257 %	3,024 %	1,458 %	1,438 %
16	0,290 %	1,920 %	0,280 %	3,091 %	1,584 %	1,529 %
17	0,306 %	1,963 %	0,296 %	3,151 %	1,698 %	1,614 %
18	0,325 %	2,007 %	0,314 %	3,207 %	1,801 %	1,692 %
19	0,350 %	2,051 %	0,340 %	3,258 %	1,894 %	1,765 %
20	0,387 %	2,094 %	0,376 %	3,305 %	1,978 %	1,833 %
21	0,435 %	2,136 %	0,425 %	3,349 %	2,054 %	1,897 %
22	0,494 %	2,178 %	0,484 %	3,390 %	2,124 %	1,957 %
23	0,558 %	2,218 %	0,548 %	3,428 %	2,187 %	2,013 %
24	0,626 %	2,257 %	0,616 %	3,464 %	2,246 %	2,065 %
25	0,695 %	2,294 %	0,686 %	3,498 %	2,300 %	2,115 %
26	0,766 %	2,331 %	0,757 %	3,530 %	2,349 %	2,162 %
27	0,836 %	2,366 %	0,828 %	3,559 %	2,395 %	2,206 %
28	0,906 %	2,399 %	0,897 %	3,588 %	2,438 %	2,248 %
29	0,974 %	2,431 %	0,966 %	3,614 %	2,478 %	2,287 %
30	1,041 %	2,462 %	1,033 %	3,639 %	2,515 %	2,325 %
31	1,106 %	2,492 %	1,098 %	3,663 %	2,550 %	2,361 %
32	1,169 %	2,520 %	1,161 %	3,686 %	2,583 %	2,395 %
33	1,230 %	2,548 %	1,223 %	3,708 %	2,613 %	2,427 %
34	1,289 %	2,574 %	1,282 %	3,728 %	2,642 %	2,458 %

35	1,346 %	2,599 %	1,339 %	3,748 %	2,669 %	2,487 %
36	1,400 %	2,623 %	1,393 %	3,766 %	2,695 %	2,515 %
37	1,453 %	2,647 %	1,446 %	3,784 %	2,719 %	2,542 %
38	1,504 %	2,669 %	1,497 %	3,801 %	2,743 %	2,567 %
39	1,552 %	2,690 %	1,546 %	3,818 %	2,764 %	2,592 %
40	1,599 %	2,711 %	1,593 %	3,833 %	2,785 %	2,615 %
41	1,644 %	2,731 %	1,638 %	3,848 %	2,805 %	2,637 %
42	1,688 %	2,750 %	1,682 %	3,863 %	2,824 %	2,659 %
43	1,729 %	2,768 %	1,723 %	3,876 %	2,842 %	2,679 %
44	1,769 %	2,785 %	1,764 %	3,890 %	2,859 %	2,699 %
45	1,808 %	2,802 %	1,802 %	3,902 %	2,875 %	2,718 %
46	1,845 %	2,819 %	1,840 %	3,915 %	2,891 %	2,736 %
47	1,881 %	2,834 %	1,875 %	3,926 %	2,906 %	2,754 %
48	1,915 %	2,849 %	1,910 %	3,938 %	2,921 %	2,771 %
49	1,948 %	2,864 %	1,943 %	3,948 %	2,934 %	2,787 %
50	1,980 %	2,878 %	1,975 %	3,959 %	2,948 %	2,803 %
51	2,011 %	2,892 %	2,006 %	3,969 %	2,960 %	2,818 %
52	2,041 %	2,905 %	2,036 %	3,979 %	2,973 %	2,832 %
53	2,069 %	2,917 %	2,065 %	3,988 %	2,985 %	2,846 %
54	2,097 %	2,930 %	2,092 %	3,997 %	2,996 %	2,860 %
55	2,124 %	2,941 %	2,119 %	4,006 %	3,007 %	2,873 %
56	2,150 %	2,953 %	2,145 %	4,015 %	3,017 %	2,886 %
57	2,175 %	2,964 %	2,170 %	4,023 %	3,028 %	2,898 %
58	2,199 %	2,975 %	2,195 %	4,031 %	3,037 %	2,910 %
59	2,222 %	2,985 %	2,218 %	4,039 %	3,047 %	2,921 %
60	2,245 %	2,995 %	2,241 %	4,046 %	3,056 %	2,932 %
61	2,267 %	3,005 %	2,263 %	4,054 %	3,065 %	2,943 %
62	2,288 %	3,014 %	2,284 %	4,061 %	3,074 %	2,953 %
63	2,309 %	3,023 %	2,305 %	4,067 %	3,082 %	2,963 %
64	2,329 %	3,032 %	2,325 %	4,074 %	3,090 %	2,973 %
65	2,348 %	3,041 %	2,344 %	4,080 %	3,098 %	2,983 %
66	2,367 %	3,049 %	2,363 %	4,087 %	3,105 %	2,992 %
67	2,385 %	3,057 %	2,381 %	4,093 %	3,113 %	3,001 %
68	2,403 %	3,065 %	2,399 %	4,099 %	3,120 %	3,010 %
69	2,420 %	3,073 %	2,416 %	4,104 %	3,127 %	3,018 %
70	2,437 %	3,080 %	2,433 %	4,110 %	3,134 %	3,026 %

71	2,453 %	3,088 %	2,449 %	4,115 %	3,140 %	3,034 %
72	2,469 %	3,095 %	2,465 %	4,121 %	3,147 %	3,042 %
73	2,484 %	3,102 %	2,481 %	4,126 %	3,153 %	3,050 %
74	2,499 %	3,108 %	2,496 %	4,131 %	3,159 %	3,057 %
75	2,514 %	3,115 %	2,510 %	4,136 %	3,165 %	3,064 %
76	2,528 %	3,121 %	2,524 %	4,140 %	3,170 %	3,071 %
